eti

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CHARTER MARK
CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Naíscoil na Banna
# Port an Dúnáin

## Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2007

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil na Banna |
| **Seoladh:** | 250A Bóthar Gharbhachaidh<br>Port an Dúnáin<br>Co Ard Mhacha<br>BT62 1EB |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 17 Bealtaine 2007 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | 23 Bealtaine 2001 |

### 1. Sonraí faoi na Páistí

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 8 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 7 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 7 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 3 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 95% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 1 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 1 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 1 |

| **Líon: ***** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

*** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 2½ huaire an chloig | - | 188 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| **Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí:** | 7 |
|---|---|
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 71.4% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 1 |

**AÍSCOIL NA BANNA, PORT AN DÚNÁIN, CO. ARD MHACHA, BT62 1EB (5AB-0392)**

1. Tá an t-ionad suite ar thalamh ar chúl Bhunscoil Eoin Baiste agus Bhunscoil St John the Baptist. Ní hionann an lucht ceannais anois agus a bhí nuair a rinneadh an cigireacht dheireanach.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin ionad. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht. Sna barúlacha a nocht siad bhí bunús gach tuismitheora sásta nó an-sásta le gach gné de sholáthar oideachais an ionaid. Cuireadh an anailís a rinneadh ar na ceistneoirí agus ar na barúlacha a nochtadh faoi bhráid na foirne.

3. Tá polasaí scríofa ag an ionad ar chosaint leanaí agus cuireann an fhoireann modhanna iomchuí oibre i bhfeidhm le leas an bpáistí a chosaint. Caithfidh an fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar chuid de na modhanna oibre agus an t-eolas a roinnt leis na tuismitheoirí. Caithfidh an duine ainmnithe den ghrúpa bainistíochta an oiliúint aige i gcosaint leanaí a dhéanamh cothrom le dáta.

4. Léirítear san ionad go bhfuil rún daingean ann nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn i measc na bpáistí.

5. **Is iad seo a leanas príomhláidreachtaí an oideachais agus an tréadchúraim a sholáthraíonn an t-ionad:**

- Tá atmaisféar cairdiúil san ionad; tá caidreamh maith idir dhaoine ag gach leibhéal. Oibríonn an fhoireann go crua le timpeallacht shuimiúil a chruthú do na páistí; baintear úsáid mhaith as obair ealaíne na bpáistí agus as taispeántais thopaiciúla le cuma bhreá a chur ar an seomra súgartha. Bíonn cuma shona ar na páistí agus iad dea-mhúinte go ginearálta.

- Tá naisc luachmhara cruthaithe idir an t-ionad agus na tuismitheoirí agus na bunscoileanna a mbeidh na páistí ag aistriú chucu.

- Bíonn an fhoireann ag idirghníomhú leis na páistí agus iad ag cúnamh leo go chomhbhách; labhraíonn siad Gaeilge go hinniúil muiníneach leis na páistí chun cuidiú leo foghlaim; tá siad sciliúil agus iad ag freagairt go cuí do na páistí a thugann freagraí i mBéarla. Léiríonn na páistí go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge labhartha; freagraíonn siad go maith do threoracha, d'orduithe agus do cheisteanna ón fhoireann le linn dóibh bheith ag súgradh.

- Ós rud é go n-eagraítear an clár ama laethúil ar dhóigh thuisceanach, bíonn cothromaíocht mhaith idir saorshúgradh agus gníomhaíochtaí a bhíonn faoi stiúir daoine fásta. Tugtar am cuí do sheisiúin scéalaíochta agus do sheisiúin súgartha amuigh faoin spéir. Le linn an gnáthaimh sneaice bíonn deiseanna ag na páistí a gcuid scileanna sóisialta agus a gcuid neamhspleáchais a fhorbairt.

- Tá deiseanna sásúla foghlama agus, in amanna, deiseanna maithe foghlama ina lán gnéithe den churaclam réamhscoile; is láidreacht ar leith í an dóigh a gcuirtear forbairt phearsanta, shóisialta agus mhothúchánach na bpáistí chun cinn.

- Déanann an fhoireann faireachán ar shúgradh na bpáistí agus taifeadann siad a gcuid freagairtí, a gcuid riachtanas agus a bhfuil bainte amach acu. Roinntear an t-eolas a bhailítear leis na tuismitheoirí go neamhfhoirmiúil agus úsáidfear é mar threoir nuair a bheas pleanáil á déanamh sa todhchaí.

- Cothaíonn an ceannaire an dearcadh i measc na foirne gur meitheal mhaith iad; is oibrithe an-chrua iad an fhoireann agus tá rún daingean acu forbairt an ionaid a chur chun cinn sa todhchaí.

6. **Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí ar gá aird a thabhairt orthu.**

- Caithfidh an fhoireann cur le forbairt na modhanna pleanála, agus díriú go háirithe ar an fhoghlaim atá le cur chun cinn sa phleanáil ghearrthréimhseach.

- Caithfidh an fhoireann tuilleadh deiseanna is foirmiúla a chur ar fáil i rith na bliana le tuairiscí a thabhairt do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn a gcuid páistí.

- Tá réimse acmhainní is fearr de dhíth i ngach gné den súgradh chun go gcuirfear clár is ilchineálaí agus is dúshlánaí ar fáil ina mbeidh dul chun cinn leanúnach i rith na bliana.

7. Níor chuir an t-ionad tús go fóill leis an phróiseas fhoirmiúil féinmheastóireachta.

8. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt réimsí tábhachtacha a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

**FOSCRÍBHINN**

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

- Níl an fál ardráillí ar an imlíne agus an fálú slabhrach ar imeall chlós súgartha na bunscoile daingean.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk